



## CÚRSA TEANGA AR-LÍNE DON TIONSCAL TURASÓIREACHTA AR FÁIL SAOR IN AISCE LE GMIT

***Tá an clár EuroCatering, a bhain gradam idirnáisiúnta amach le gairid, ag seoladh an chúrsa trí Ghaeilge ar an idirlíon inniu.***

Is cúrsa saor-in-aisce ilteangach é an cúrsa oiliúint Eurocatering, cúrsa a cruthaíodh don tionscal turasóireachta agus a bhfuil gradam idirnáisiúnta agus urraíocht Eorpach faighte aige. Is iad na páirtithe Éireannacha sa togra Eorpach seo ná Anne Brindley agus Colin Gilligan, léachtóirí sa Choláiste Turasóireachta & Ealaíon in Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo. Tá EuroCatering molta ag Fáilte Ireland, an Restaurant Association of Ireland, agus an Irish Hotels Federation mar áis mhaith chun traenála teicniúil agus chun freastal ar chustaiméirí. Tá urraíocht ó Choimisiún na hEorpa bronnta ar an togra seo (KA2, 2010-2013).

Cruthaíonn EuroCatering cásanna réalaíocha a dtiocfadh na rannpháirthe orthu sna ranna éagsúla: An Chistin, An Bialann, An Oifig Tosaigh/Fháilte, agus An Roinn Iostais. Tairgítear na cásanna ina aon teanga déag: Béarla, Fionlainnis, Fraincís, Gaeilge, Gailísis, Gearmáinis, Iodáilis, Ioruais, Ollainis, Polainnis, Spáinnis.

Is saineolaithe i réimsí éagsúla - teangacha, teicneolaíocht teangeolaíoch, an fáilteachas, agus bainistiú chúram custaiméirí - na daoine a dhearadh EuroCatering. Tá sé dírithe ar micléinn, ar ábhar oibríthe agus ar oibríthe sa tionscal turasóireachta, ar theagascóirí agus ar thraenáilaithe i ngairmoideachas, ar fhostaitheoirí óstáin agus bialanna; ach, tá fáilte roimh chách leas a bhaint as na deiseanna atá ar fáil saor in aisce ar-líne ar mhaithe lena scileanna a leathnú. Tairgítear freisin deis d'oibríthe úra ar mian leo a gcuid Béarla a fheabhsú traenáil ionas nach mbeidh moill orthu ag tabhairt faoin láthair nua oibre.

Féach an suíomh idirlín a thugann léargas ar shruth na hoibre i gcásanna a bhaineann le sheachadadh, le glaineacht agus sábháilteacht, le boird a leagan agus aiseolas ó chustaiméirí, le teacht agus imeacht na n-aíonna.

Tá 7 Lipéid Teangan Eorpach (Éire, An Bheilg (FL, WA), An Iorua, An tSlóivéin, An Spáinn, agus An Iodáil) bronnta ar EuroCatering, chomh maith le Lipéad Teangan Eorpach na Lipéid ón gCoimisiún Eorpach i Meán Fómhair 2012 agus Gradam CALICO ó Ollscoil Texas.

Chun teacht ar [www.eurocatering.org](http://www.eurocatering.org) cláraigh saor in aisce le do r-phost agus bain sult as!

Tá eolas breise le fáil ó [anne.brindley@gmit.ie](mailto:anne.brindley@gmit.ie) nó ó [colin.gilligan@gmit.ie](mailto:colin.gilligan@gmit.ie)

*“Is áis iontach atá sa suíomh don té gur mian leis nó léi cumas Gaeilge a bhaint amach sa réimse áirithe seo. Tá an t-ábhar foghlamtha curtha ar fáil ar bhealach atá cliste agus éasca a úsáid.”*

Máire Ní Mhainín, Comhordaitheoir Teanga Udáras na Gaeltachta, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe